

Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 8 Meán Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzhof (Cúirt Chónaidhme Fhioscach, an Ghearmáin)) – Finanzamt R v W-GmbH

(Cás C-98/21) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Cáin bhreisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagail 2(1), 9(1), 167, 168(a) – Asbhaint cánach ionchuir – Coincheap “duine inchánach” – Cuideachta sealbhaíochta – Caiteachas a bhaineann le ranníocaíochtaí scairsealbhora comhchineáil lena fochuideachtaí – Gan ranníocaíocht ó chaiteachas ar chostais ghinearálta – Gníomhaíochtaí fochuideachtaí atá díolmhaithe ó cháin den chuid is mó)

(2022/C 408/18)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Bundesfinanzhof

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Finanzamt R

Cosantóir: W-GmbH

An chuid oibríochtúil

Maidir le hAirteagal 168(a) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 167 den Treoir sin,

Ní mór léirmhíniú a dhéanamh mar seo a leanas:

níl cuideachta sealbhaíochta, a dhéanann idirbhearta aschuir inchánach chun tairbhe fochuideachtaí, i dteideal asbhaint cánach ionchuir a ghearrtar ar sholáthairtí a fhaigheann sí ó thríú páirtithe agus a thugann sí do na fochuideachtaí mar mhalairt ar scair a dheonú i mbrabúis ghinearálta, i gcás, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil nasc díreach láithreach idir na seirbhísí ionchuir a fhaightear agus idirbhearta na cuideachta sealbhaíochta féin ach ina ionad sin le gníomhaíochtaí, na bhfochuideachtaí atá díolmhaithe ó cháin den chuid is mó, ar an dara dul síos, nach n-áirítear na seirbhísí ionchuir a fhaightear i bpraghas na n-idirbheart inchánach i bhfabhar na bhfochuideachtaí, agus, ar an tríú dul síos, nach bhfuil siad ina gcuid de chostais ghinearálta ghníomhaíocht eacnamaíoch na cuideachta sealbhaíochta féin.

⁽¹⁾ IO C 182, 10.05.2021.

Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 8 Meán Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Supremo — an Spáinn) — Asociación Multisectorial de Empresas de la Electrónica, las Tecnologías de la Información y la Comunicación, de las Telecomunicaciones y de los Contenidos Digitales (Ametic) v Administración del Estado agus páirtithe eile

(Cás C-263/21) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Cóipcheart agus cearta gaolmhara – Treoir 2001/29/CE – Airteagal 5(2)(b) – Ceart eisiach atáirgthe – Eisceacht – Cóipeáil le haghaidh úsáid phríobháideach – Táille – Díolúine ex-ante – Deimhniú díolúine arna eisiúint ag eintiteas arna rialú ag an dlí príobháideach faoi rialú cuideachtaí bainistíochta cóipchirt amháin – Cumhachtaí maoirseachta an eintitis sin)

(2022/C 408/19)

Teanga an cháis: an Spáinnis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal Supremo